Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017

An Scéim Ghinearálta agus Dréacht-Cheannteidil an Bhille

Tá sé ar intinn ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán de chuid an Oireachtais grinnscrúdú réamhreachtach a dhéanamh ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017 – An Scéim Ghinearálta agus Dréacht-Cheannteidil an Bhille.

Chun tús a chur leis an tionscnamh sin, tá an Comhchoiste ag iarraidh aighneachtaí a fháil ón bpobal maidir le forálacha an Bhille. Ba chóir go mbeadh na haighneachtaí sin gonta, cruinne agus dírithe ar fhorálacha an Bhille. Ní gá doiciméad mór a chur isteach, ach ráiteas agus míniú gearr ar do thuairimí agus do mholtaí faoi fhorálacha an Bhille: cad atá ann; cad nach bhfuil ann; cad ba chóir a bheith ann; agus na hathruithe a bhfuil gá leo, dar leat.

Glacfaidh an Comhchoiste aon aighneacht a gheofar suas go dtí an 16 Nollaig 2017.

Níl aon fhoráil ann chun aon chaiteachas a íoc le duine nó le heagraíocht as aighneacht a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.

Ba mhaith liom a mheabhrú duit gur chóir Cleachtadh Parlaiminte a urramú, agus nár chóir, más féidir, in aighneacht, daoine ná eintiteas a cháineadh ná líomhaintí a dhéanamh ina n-aghaidh ina ainm, ina hainm nó ina n-ainm ar shlí a bhféadfaí iad a aithint.

Ba mhaith liom tú a chur ar an eolas go mb'fhéidir go gcuirfear aon aighneacht a gheofar ar shuíomh gréasáin an Chomhchoiste nó go mb'fhéidir go mbeidh sé san áireamh in aon tuarascáil a fhoilseoidh an Comhchoiste.

Mar áis duit, tá nasc chuig Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017 - An Scéim Ghinearálta agus Dréacht-Cheannteidil an Bhille iniata leis an bhfógra seo.

Más féidir, d'oirfeadh sé don Chomhchoiste aighneachtaí a fháil ar líne. Ba chóir aon aighneacht a chur chuig Eugene Ó Cruadhlaoich, Cléireach an Choiste ag eugene.ocruadhlaoich@oireachtas.ie